Literacy Association of Ireland
Cumann Litearthachta na hÉireann

48ú COMHDHÁIL BHLIANTÚIL
8 & 9 Samhain 2024
Institiúid Oideachais Marino, Baile Átha Cliath

Ag Treorú Litearthachta
An Bunús a Leagan agus an Tairbhe a Bhaint As

GAIRM AR PHÁIPÉIR

Má chuireann tú san earrach, bainfidh tú san fhómhar! Bíonn gá le bunús láidir i gcúrsaí litearthachta a leagan. Tá ról suntasach ag ***ceannairí litearthachta*** chun a dheimhniú go mbaineann gach páiste barr a gcumais amach. Cuireann tuiscint mhaith mar aon le feasacht chriticiúil ar na tosca seo go mór le heispéiris a dhearadh atá ***cothrom, taighdebhunaithe agus taitneamhach*** trasna chéimeanna uile na foghlama.

Tá béim mhór leagtha ar an ról lárnach a bhíonn ag *scileanna aitheanta focal* ar fhorbairt na luathlitearthachta. Os a choinne sin, tuigimid go rímhaith gur iomaí *scil, cumas, agus tuiscint* eile a bhíonn de dhíth chun a dheimhniú go mbíonn daltaí in ann dul i ngleic le litearthacht an tsaoil inniu ar bhonn criticiúil. Conas is féidir le múinteoirí tacú le forbairt *na mbunscileanna litearthachta* seo? Conas is féidir linn cothromaíocht a bhaint amach idir scileanna a bhaineann le *haithint focal* agus scileanna a bhaineann le *cúrsaí litearthachta ar bhonn níos leithne*? Conas is féidir le múinteoirí deiseanna *ábharbhunaithe a chothú a chuireann le heispéiris teanga agus litearthachta*? Conas is féidir linn dul i ngleic le taighde, ar bhealach bríoch, chun tuilleadh eolais a bhailiú mar gheall ar *chleachtais litearthachta i gcomhthéacsanna éagsúla* atá *taighdebhunaithe*? Conas is féidir le *foghlaim ghairmiúil bhunathraithe* tacú leis na spriocanna seo?

Is mithid anois breathnú romhainn agus na ceisteanna seo a chíoradh ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta. Fáiltíonn CLÉ roimh pháipéir ar réimse téamaí:

- Teagasc na mbunscileanna (m.sh. feasacht fóineolaíochta, fónaic)
- Comhtháthú gnéithe litearthachta éagsúla laistigh de chleachtas d'ardchaighdeán
- Ag nascadh ábhar eile an churaclaim le hoideolaíocht litearthachta
- Cleachtais ionchuimsitheacha don litearthacht i gcomhair foghlaimeoirí éagsúla
- Litearthacht i dteangacha éagsúla (TCÉ san áireamh)
- Ceannaireacht i gcúrsaí litearthachta agus pleanáil uile-scoile
- Ag nascadh taighde agus cleachtas
- Il-litearthachtaí, amhail litearthacht dhigiteach, litearthacht chriticiúil agus amharclitearthacht
- Cuir chuige cuir chuige spraíúla tharraingteacha i gcúrsaí litearthachta

Spriocdháta:
~~*Meitheamh 14 2024*~~
Iúil 5 2024

Leagan amach na seisiún:
Páipéar / Ceardlann / Póstaer
Siompóisiam - Sonraí anseo

Conas togra a chur isteach: Achoimre 150-300 focal le seoladh isteach ar líne: https://forms.gle/4uJPh6yHThLFwZrH8

www.literacyireland.com/conference

Fiosruithe Comhdhála | ✉ **conference@literacyireland.com**
Fiosruithe Ginearálta | ✉ **info@literacyireland.com**